Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

13337/25

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0290 (COD)**

**CODEC 1377**
**MI 697**
**ENT 188**
**CONSOM 190**
**SAN 580**
**COMPET 930**
**CHIMIE 89**
**ENV 904**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le sábháilteacht bréagán agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/48/CE **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle |

1. An 28 Iúil 2023, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta a thuairim uaidh an 13 Nollaig 2023[2].

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 13 Márta 2024[3].

[1] 12234/23 + ADD 1 go 5.
[2] IO C, C/2024/1577, 5.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1577/oj
[3] 10599/24.

4. An 11 Meitheamh 2025, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú sealadach ar tháinig na comhreachtóirí air maidir leis an Rialachán thuasluaite[4], tar éis plé neamhfhoirmiúil idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa.

5. An 26 Meitheamh 2025, dhearbhaigh Coiste Pharlaimint na hEorpa um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO) an comhaontú sealadach agus sheol Cathaoirleach an Choiste sin litir ina dhiaidh sin chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe inar sonraíodh gur cheart do Pharlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch) a fhormheas gan aon leasú a dhéanamh air[5].

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh don Chomhairle an seasamh ar an gcéad léamh uaithi mar a leagtar amach in 9663/25, agus an ráiteas ar chúiseanna mar a leagtar amach in 9663/25 ADD 1 a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Ostair ag staonadh ón vótáil.

7. Tá na ráitis, atá le cur i miontuairiscí na Comhairle, leagtha amach san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

---

[4] 10091/25.
[5] 13531/25.